



An Coimisiún
Eorpach

BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

#EUBudget #EUdefence



13 Meitheamh 2018

rescEU: COMHFHREAGAIRT NÍOS LÁIDRE ÓN EORAIP DO THUBAISTÍ SAORÁNAIGH A CHOSAINT IN AM AN GHÁTAIR

Tá ag méadú i rith an ama ar an líon tubaistí a tharlaíonn san Aontas Eorpach. Idir thuilte agus stoirmeacha, dhóiteáin foraoise agus chreathanna talún, tá gach tír i mbaol. Ba bhliain thragóideach í 2017 go háirithe, ós rud é go bhfuair **níos mó ná 200 duine bás** lena linn. Leanann costas ollmhór tubaistí: in 2016 taifeadadh beagnach €10 billiún de **dhamáistí** ar mhór-roinn na hEorpa. D'fhéadfaí cuid mhór den chostas sin a sheachaint dá gcoiscfí an damáiste agus dá mbeifí níos ullamh.

TÁ SÉ IN AM ATHRÚ A DHÉANAMH

I mí na Samhna 2017 mhol an Coimisiún **rescEU** – córas nua Eorpach chun dul i ngleic le tubaistí nádúrtha agus freagairt an Aontais, i dtéarmaí na cosanta sibhialta, a neartú. Cruthóidh rescEU cultaca cosanta sibhialta ar leibhéal an Aontais ar nós eitleáin comhraic falscaithe, caidél speisialta uisce, cuardach agus tarrtháil uirbeach agus ospidéal mhachaire agus foirne leighis éigeandála. Leis an gcultaca sin, a bheidh á bhainistiú ag an gCoimisiún Eorpach, comhlánfar acmhainní náisiúnta chun tacú le tíortha ina bhfuil tubaistí amhail tuilte, dóiteáin foraoise, creathanna talún agus eipidéimí.



AN CHÉAD BHUISÉAD AE EILE

Leis an gcóras nua rescEU a bhunú agus freagairt an Aontais, i dtéarmaí na cosanta sibhialta, a neartú chun saoránaigh a chosaint, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún méadú nach beag a dhéanamh ar bhuiséad an tSásra Aontais um Chosaint Sibhialta ag an gCoimisiún, ó €577 milliún in 2014-2020 go **€1.4 billiún in 2021-2027**.



An Coimisinéir Stylianides ag tabhairt cuairte ar an bPortaingéil, 13 Feabhra 2017



Christos Stylianides sa Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha



Comhraiceoirí dóiteáin de Gharda Náisiúnta Poblachtach na Portaingéile, Avelar




CAD É RESCEU?

DHÁ GHNÉ CHOMHLÁNTACHA: FREAGAIRT AGUS COSC/ULLMHACHT

Tá plan nua uailmhianach beartaithe ag an gCoimisiún chun freagairt an Aontais, i dtéarmaí na cosanta sibhialta, a neartú:


DLÚTHPHÁIRTÍOCHT



Acmhainn freagartha: rescEU

- **Freagairt an Aontais:** cúltaca nua cosanta sibhialta arna bhainistiú ag an Aontas, ar cuid de nithe ar nós aerárthaí comhraic falscaithe, chaidéil uisce ardbhrú, chuardach agus tharrtháil uirbeach agus ospidéal mhachaire. Leis an gcúltaca sin comhlánfar an acmhainn náisiúnta nuair nach leor ar chor ar bith í. An tAontas a chuireann 100% den mhaoiniú ar fáil.
- **Borradh a chur faoi acmhainn náisiúnta:** Maoiniú ón Aontas chun na hacmhainní atá sna Ballstáit faoi láthair a chur in oiriúint agus a dheisiú agus na costais iompair agus oibriúcháin a bhaineann leo a chumhdach. Bheadh na hacmhainní sin mar chuid de chúltaca comhroinnte d'acmhainní práinnfhreagartha faoin gCúltaca Cosanta Sibhialta Eorpach, agus chuirfí ar fáil iad lena n-úsáid i gcás tubaiste. An tAontas a chuireann 75 % den mhaoiniú ar fáil.

FREAGRACHT



Cosc agus ullmhacht maidir le tubaistí

- **Tacú le cosc agus ullmhacht náisiúnta:** iarraidh ar na Ballstáit straitéisí náisiúnta maidir le cosc tubaistí a roinnt leis an gCoimisiún agus treoir a thabhairt
- **Líonra Eolais Eorpach um Chosaint Shibhialta** chun na húdaráis náisiúnta cosanta sibhialta a oiliúint agus chun faisnéis a chomhroinnt.
- **Naisc le beartais eile de chuid an Aontais:** neartú a dhéanamh ar chomhoibriú agus ar chomhleanúnachas le beartais eile de chuid an Aontais a bhaineann le cosc agus ullmhacht.

Níos lú maorlathais: leis an togra déanfar nósanna imeachta riaracháin a chuíchóiriú agus a shimpliú chun an t-am a laghdú a bhíonn de dhíth le cúnamh tarrthála a thabhairt.